

IONSTRAIMÍ REACHTÚLA

I.R. Uimh [•] de 2016

[DRÉACHT] RIALACHÁIN UM RIALÁIL TACSAITHE
(BEAGFHEITHICLÍ SEIRBHÍSE POIBLÍ) 2016

DRAFT

**[DRÉACHT] RIALACHÁIN UM RIALÁIL TACSAITHE
(BEAGFHEITHICLÍ SEIRBHÍSE POIBLÍ) 2016**

Leis seo déanann an tÚdarás Náisiúnta Iompair, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar le hait 48, den Acht um Rialáil Tacsaithe 2013 (Uimh. 37 de 2013), an rialachán seo a leanas:

1. Féadfar Rialachán um Rialáil Tacsaithe (Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí) 2016 a thabhairt ar an Rialachán seo.
2. Leasaítear Rialacháin um Rialáil Tacsaithe (Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí) 2015 trí “Alt 25(9) a mhéid agus a bhaineann sé le halt 25(4) den Phríomh-Acht” a chur in ionad “Alt 25(9) a mhéid agus a bhaineann sé le halt 25(3) den Phríomh-Acht” sa dara colún den cheathrú ró sa tábla i Sceideal 8.

TUGTHA faoi shéala an Údaráis Náisiúnta Iompair,

[ll/mm] 2016

JOHN FITZGERALD,

Cathaoirleach, an tÚdarás Náisiúnta Iompair.

Nóta Míniúcháin

[Dréacht] Rialachán um Rialáil Tacsaithe (Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí) 2016

Is é is cuspóir le dréacht-Rialachán um Rialáil Tacsaithe (Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí) 2016 Sceideal 8 de Rialachán um Rialáil Tacsaithe (Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí) 2015 a leasú, de dhroim na leasuithe a dhéanfar ar an Acht um Rialáil Tacsaithe, 2013, leis an Acht Iompair Phoiblí 2016, tríd an tagairt “25(4)” a chur in ionad “25(3)” i ró 4, colún 2 sa Tábla i Sceideal 8 de Rialachán um Rialáil Tacsaithe (Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí) 2015.

DRAFT